An tSeirbhís Phromhaidh
The Probation Service

**LEABHRÁN FAISNÉISE d'IARRTHÓIRÍ**

LÉIGH GO CÚRAMACH LE DO THOIL

Comórtas chun

**Maoirseoir Seirbhíse Pobail a cheapadh i Seirbhís Phromhaidh na Roinne Dlí agus Cirt**

**Dáta Deiridh:**

**5 i.n., Dé Céadaoin, 17 Aibreán 2024**

Tá comhionannas deiseanna de pholasaí daingean ag an Roinn Dlí agus Cirt/An tSeirbhís Phromhaidh.

---

Tá comhionannas deiseanna de pholasaí daingean ag an tSeirbhís Phromhaidh. Reáchtálfar an comórtas seo i gcomhréir le Cóid Chleachtais arna n-ullmhú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP). Tá na Cóid Chleachtais sin foilsithe ag an CCSP agus iad ar fáil ar www.cpsa.ie

---

**Suíomh na bPost**

Is seirbhís náisiúnta í an tSeirbhís Phromhaidh agus tá oifigí aici i níos mó ná 30 áit ar fud na tíre.

**Tá folúntais againn sna contaetha seo a leanas faoi láthair: Baile Átha Cliath, Cill Chainnigh agus Corcaigh. Táthar ag súil go mbeidh na folúntais i gCorcaigh ar fáil níos déanaí sa bhliain. Má éiríonn leat sa chomórtas seo cuirfear ar phainéal thú in ord fiúntais as a líonfar folúntais.**

**Réamhrá**

Is gníomhaireacht í an tSeirbhís Phromhaidh den Roinn Dlí agus Cirt agus is seirbhís náisiúnta í, a bhfuil sainchúram uirthi cur le pobail níos sábháilte agus níos lú íospartach trí athshlánú ciontóirí. Baintear sin amach trí mheasúnú agus bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar chiontóirí, dúshlán a thabhairt d'iompar ciontaithe agus comhtháthú iar-chiontóirí a éascú.

Cuireann an tSeirbhís maoirseacht phromhaidh, seirbhís pobail, filleadh ar an bpobal, cláir iompair chiontaigh agus sainseirbhísí tacaíochta ar fáil do chiontóirí fásta agus óga. Cuireann sí seirbhís phromhaidh ar fáil chomh maith do phríosúin agus ionaid ghabhála chun ciontóirí a athshlánú agus athchomhtháthú príosúnach a éascú. Tá an tSeirbhís freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar 15,000 ciontóir gach bliain sa phobal go náisiúnta. Is príomhfhreagracht í Seirbhís Pobail sa tSeirbhís Phromhaidh. Ligeann sé do na cúirteanna coiriúla daoine a chur faoi Orduithe Seirbhíse Pobail in ionad iad a chur sa phríosún chun críche obair gan phá a chur i gcrích sa phobal chun an dochar a rinneadh lena n-iompar maslach a chur ina cheart. Eagraíonn an tSeirbhís Phromhaidh an obair sin agus déanann sí maoirseacht uirthi i gcomhar le pobail agus tá sí tiomanta do dheiseanna a fhorbairt do Sheirbhís Pobail a thacaíonn leis na prionsabail maidir le hÉirí As, Ceartas Sóisialta agus Ceartas Aisiríoch.

Féach ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Promhaidh ag www.probation.ie chun tuilleadh eolais a fháil - 'D'úsáideoirí na Seirbhíse – Seirbhís Pobail'

**An Ról**

Leagfar dualgais ar an Maoirseoir Seirbhíse Pobail sa tSeirbhís Phromhaidh maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chiontóirí atá ag tabhairt faoi ordú seirbhíse pobail/ obair um fhilleadh ar an bpobal sna pobail.

**Príomhdhualgais & Príomhfhreagrachtaí**

- Maoirseacht a dhéanamh ar obair na gciontóirí atá faoi ordú Seirbhíse Pobail/ i mbun an chláir um Fhilleadh ar an bPobal ag na Cúirteanna, an tSeirbhís Phromhaidh agus Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar feadh uaireanta ar leith agus an obair sin a eagrú agus a bhainistiú
- Ciontóirí a threorú agus a stiúradh maidir leis an obair atá le cur i gcrích, freagra a thabhairt ar riachtanais aonair agus stíleanna foghlama
- A bheith freagrach as tinreamh ciontóirí ar bhonn laethúil agus an tinreamh sin a thaifeadadh agus a thuairisciú
- Obair a dhéanamh mar chuid d'fhoirne tras-ghráid chun deiseanna a fhorbairt do thionscadail agus suíomhanna seirbhíse pobail lena n-áirítear suíomhanna a aimsiú, teagmhálaithe a fhorbairt agus teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí agus líonraí ábhartha
- An suíomh oibre a mheasúnú agus a bhainistiú i gcomhréir le treoirlínte na Seirbhíse

Promhaidh lena n-áirítear caighdeáin Sláinte & Sábháilteachta

**Bunriachtanais Iontrála do phost an Mhaoirseora Seirbhíse Pobail:**

- Cáilíocht Pas Shábháilte
- Taithí ar bheith ag obair sa réimse Trádála / scileanna DFÉ
- Scileanna maithe cumarsáide i scríbhinn agus ó bhéal
- Taithí roimhe seo ar phoist freagrachta
- Ceadúnas Tiomána glan iomlán
- Scileanna TF - Úsáid a bhaint as ríomhphoist, fón cliste agus táibléad

**Riachtanais Inmhianaithe**

- Ceadúnas Tiomána D1/D1E*
- Cruthúnas go bhfuil tú in ann obair a dhéanamh go héifeachtach le ciontóirí i réimse gaolmhar
- Cumas daoine a spreagadh agus tacú leo san ionad oibre
- Eolas ar phrionsabail agus cleachtas maidir le Sláinte agus Sábháilteacht
- Eolas ar Gharchabhair bhunúsach
- Cruthúnas go bhfuil cumas eagrúcháin / riaracháin ionat

* Maidir le hiarratasóirí a n-éireoidh leo ach nach bhfuil Ceadúnas D1/D1E acu, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh ort tabhairt faoin gcáilíocht ábhartha mar chuid den obair.

**Saintréithe Pearsanta**

- Scileanna éifeachtacha idirphearsanta agus an cumas maoirseacht a dhéanamh ar chiontóirí ar bhealach dearfach agus tairbheach agus ag an am céanna smacht a choinneáil agus fadhbanna a réiteach ar an suíomh de réir mar is gá
- Tuiscint ar an obair agus ábalta an obair a dhéanamh laistigh den chreat maidir le comhionannas deiseanna, cleachtas frith-idirdhealaitheach agus éagsúlacht a bhainistiú
- Ábalta rúndacht a choinneáil agus obair a dhéanamh le ciontóirí laistigh de theorainneacha cuí gairmiúla

**Na Coinníollacha Seirbhíse**

Is post buan neamhbhunaithe é ról an Mhaoirseora Seirbhíse Pobail atá rangaithe mar Fhostaí Stáit Tionsclaíoch. Beidh tréimhse phromhaidh 12 mhí ann nuair a cheapfar é/í. Is é seo a leanas scála pá RPP (lánaimseartha) don phost seo faoi láthair:

€769.22 €786.05 €848.45 €852.61 €856.75 €860.89 €865.01 €869.66 €873.30 €877.46 €881.60 NMAX

Tá feidhm ag ráta pá an RPP nuair a cheanglaítear ar an duine aonair

Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (ar a dtugtar ranníocaíocht phríomhscéime) a íoc de réir rialacha a bpríomhscéime/ a scéime aoisliúntais phearsanta. Tá sé seo difriúil i gcomparáid le ranníocaíocht maidir le ballraíocht i scéim Céilí agus Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (RAB).

Beidh ráta difriúil i bhfeidhm sa chás nach gceanglaítear ar an té a cheaptar Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

Tá liúntas solúbthachta, arb ionann é agus 2.5 uair an chloig sa tseachtain, iníoctha leis an bhfoireann le linn seachtain ar bith ina n-oibrítear ar feadh 3 lá nó níos mó chomh maith le forlíonadh 1.5 uair an chloig do sheachtain ar bith ina n-oibrítear ar feadh níos lú ná 3 lá chun uaireanta oibre neamhchaighdeánacha a chúiteamh.

Is é 25 lá, Aoine an Chéasta san áireamh, an líon caighdeánach Saoire Bliantúla d'Oibrithe Tionsclaíocha Stáit lánaimseartha.

## Modh Roghnúcháin

D'fhéadfadh próiseas gearrliostaithe a bheidh de dhíth chun na daoine sin a gheobhaidh cuireadh chun agallaimh a roghnú. Agus an measúnú sin á dhéanamh, **cuirfear iarrthóirí nach gcomhlíonann na bunriachtanais iontrála atá leagtha amach ar leathanaigh 2-3, as an áireamh ag an gcéim seo.** Ag brath ar líon na n-iarratas a fuarthas, d'fhéadfadh sé tarlú go reáchtálfaí próiseas gearrliostaithe eile.

### Agallamh

Is ar an láthair i gCeanncheathrú na Seirbhíse Promhaidh i Margadh an Fhéir, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7, D07WT27 a reáchtálfar na hagallaimh**.** Seolfar fógra maidir leis an agallamh chuig an seoladh ríomhphoist a chuir an t-iarratasóir ar fáil.

Bainfidh an bord agallaimh leas as na critéir seo a leanas chun na hiarratasóirí a n-éireoidh leo a roghnú –

| TRÉITH | UASMHARC |
|---|---|
| Eolas atá ábhartha don phost (e.g. Seirbhís Pobail/ Filleadh ar an bPobal, An tSeirbhís Phromhaidh, Ciontóirí, fadhbanna le handúil) | 7 |
| Taithí oibre ábhartha agus luach faighte uaidh sin (e.g. taithí ar phoist freagrachta) | 7 |

| | |
|---|---|
| Scileanna éifeachtacha idirphearsanta agus cumarsáide (e.g. obair foirne, cur i láthair pearsanta) | 7 |
| Marcanna Iomlána atá ar Fáil | 21 |

Beidh ort foirm ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a chur ar ais má bhreithnítear tú le haghaidh ceapacháin. Déanfar foirmeacha den sórt sin a sheoladh ar aghaidh chuig an nGarda Síochána chun seiceáil slándála a dhéanamh ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éirinn ag ar chónaigh tú. Mar sin féin sa chás nach n-éireodh le d'iarratas don chomórtas, scriosfar an fhoirm seo. Sa chás go mbreithneofar tú do phost eile ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh sé tarlú dá bhrí sin go mbeadh ort Foirm Ghrinnfhiosrúcháin eile an Gharda Síochána a chomhlánú.

Má bhí cónaí ort / má rinne tú staidéar i dtír taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse 6 mhí nó níos faide, tá sé **éigeantach** go gcuirfidh tú **Teastas Imréitigh Póilíní** ar fáil ó na tíortha sin lena luaitear nach bhfuil aon chiontú taifeadta i d'aghaidh fad agus a bhí tú i do chónaí ansin. Beidh ort **Teastas Imréitigh Póilíní ar leith a chur ar fáil do gach tír a raibh cónaí ort iontu.** Ní mór an t-imréiteach a bheith dátaithe i ndiaidh an dáta a d'fhág tú an tír.

Ba cheart d'iarrthóirí a bheith ar an eolas gur féidir le haon fhaisnéis a fhaightear i bpróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chur ar fáil don údarás fostaíochta.

**Tá sé de fhreagracht ortsa imréitigh shlándála a lorg in am trátha toisc gur féidir roinnt ama a bheith i gceist leo. Ní féidir tú a cheapadh gan an fhaisnéis sin a bheith curtha ar fáil agus a bheith in ord.**

**Iarratais**

Cuir isteach CV reatha (2 leathanach ar a mhéad) agus litir chumhdaigh gan dul thar 1 leathanach amháin chuig psrecruit@probation.ie ina leagtar amach an taithí ábhartha atá agat don ról. Ba cheart an teideal CSS – ainm an iarratasóra a chur ar an ríomhphost.

**Tá an Dáta Deiridh a nGlacfar le hIarratais le 5 i.n., Dé Céadaoin, Céadaoin, 17 Aibreán**

**Ceisteanna Ginearálta**

Má tá ceisteanna ginearálta agat, déan teagmháil leis an Aonad AD ag psrecruit@probation.ie nó 01 8173600.

**Incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa chomórtas agus srianta áirithe ar incháilitheacht Náisiúnaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch**

**Riachtanais Saoránachta**

Ní mór d'Iarrthóirí Incháilithe:

(a) A bheith ina saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is éard atá in LEE ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
(b) a bheith ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó
(c) a bheith ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhua an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
(d) a bheith ina saoránach neamh-LEE a bhfuil víosa stampa 4 aige; nó
(e) a bheith ina duine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta bronnta air faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall den teaghlach atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó
(f) a bheith ina duine nach saoránach de chuid an LEE is tuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá ina s(h)aoránach de chuid an LEE agus ina c(h)ónaí i mballstát de chuid an LEE nó sa Ríocht Aontaithe nó san Eilvéis agus ag a bhfuil víosa stampa 4.

**An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)**

I gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, tá ar an Roinn Dlí agus Cirt sonraí pearsanta na bhfostaithe a phróiseáil chun críocha cur ar chumas na heagraíochta oiriúnacht an fhostaí le haghaidh fostaíochta a mheas agus chun críocha a gcuid fostaíochta a riar. Mura mbeadh próiseáil den chineál sin ann, ní bheadh sé indéanta ag an eagraíocht comhaontú a dhéanamh leis an bhfostaí. Tá eolas maidir leis an mbunús dlí atá le phróiseáil den chineál sin, an tréimhse ama a choinneofar na sonraí pearsanta agus nithe gaolmhara leagtha amach sna doiciméid seo a leanas de chuid na Roinne Dlí agus Cirt: Polasaí um Chosaint Sonraí, Fógra um Chosaint Sonraí agus Polasaí um Choinneáil Sonraí. Is é sin gealltanas na Roinne maidir le cosaint sonraí duitse mar fhostaí.

**Aoisliúntas agus Scor**

Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí a bheidh i réim sa Státseirbhís a chur in iúl tráth a mbeidh an post á thairiscint don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi. Go ginearálta, tairgfear ceapachán bunaithe ar bhallraíocht i Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair") do dhuine nár oibrigh riamh roimhe sin sa tSeirbhís Phoiblí. Tá sonraí iomlána faoin Scéim sin ar fáil ar www.singlepensionscheme.gov.ie.

Sa chás gur oibrigh an té a cheaptar i bpost inphinsin seirbhíse poiblí (nach faoi théarma na Scéime Aonair) i rith na tréimhse 26 seachtaine anall go tráth an cheapacháin, nó sa chás go bhfuil an té sin ar shos gairme nó ar shaoire speisialta le/gan pá, d'fhéadfadh malairt téarmaí a theacht i gceist. Bíonn an pinsean a bhfuil daoine den sórt sin ina theideal bunaithe ar chomhthéacs a gcuid fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is iad na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

- Aois Pinsin: Is ionann an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha leis an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit, is é sin 66 bliain d'aois i láthair na huaire.
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill na Scéime dul ar scor nuair a bheidh 70 bliain d'aois slánaithe acu.
- Úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn pinsean agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a uasrátáil gach bliain trí thagairt don Phraghasinnéacs Tomhaltóirí (PIT)).
- Bíonn ardú ar an bpinsean tar éis dul ar scor ceangailte leis an PIT.

**Laghdú Pinsin**

- Sa chás go raibh an té a cheaptar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Poiblí, nó sa chás go gcuirtear tús le híocaíocht pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí leis/léi i rith a t(h)réimhse athfhostaíochta, beidh an pinsean sin **faoi réir a laghdaithe** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair ar aird: Trí iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, glacann tú leis go dtuigeann tú go mbeidh na forálacha laghdaithe i bhfeidhm, nuair is ábhartha. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaíochta le hiarratas ar dhíolúine ó laghdú maidir le ceapacháin sa phost seo.**

- Mar sin féin, sa chás go raibh an té a cheaptar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus pinsean bronnta air nó uirthi faoi shocruithe do luathscor deonach (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS) nó Ciorclán 7/2010 SSLD/SID ón Roinn Sláinte, nó Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a fhágfaidh nach mbeidh duine incháilithe don chomórtas), beidh deireadh leis an teidlíocht ar an bpinsean sin ó dháta an athcheapacháin. Is féidir in ainneoin sin socrú speisialta a dhéanamh, maidir leis an tseirbhís a rinne an té a cheaptar roimhe seo a áireamh i ndáil le haon íocaíocht aoisliúntais a mbeidh an té a cheaptar ina theideal san am atá le theacht.

- **Ciorclán 102/2007 na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**
  Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll de chuid na Scéime Luathscoir gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar amach in ailt 10.2 agus 10.3 den doiciméadacht ciorcláin iomchuí agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den Scéim seo agus má fhostaítear é in aon cháil i réimse ar bith san earnáil phoiblí, scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis an duine sin faoin Scéim. Cuirfear tús arís le híocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar ar íocaíochtaí pinsin arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe sin san áireamh nuair a bheidh an íocaíocht pinsin á ríomh).

- **Dul ar Scor de bharr Drochshláinte**
  Tabhair do d'aire gurb amhlaidh, i gcás duine ar bith a scoir roimhe seo de dheasca easláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais, go bhfuil ceanglas air/uirthi a dhearbhú don eagraíocht a bhfuil an comórtas earcaíochta á reáchtáil acu, sa chéim iarratais thosaigh, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil aige/aici.

  Éileofar ar iarratasóirí teacht i láthair in oifig an Phríomhoifigigh Leighis go ndéantar a n-ábaltacht seirbhís a chur ar fáil go rialta éifeachtúil a mheas agus an cás a d'fhág go raibh siad i dteideal dul ar scor mar gheall ar dhrochshláinte á tabhairt san áireamh.

  *Ceapachán i ndiaidh scor ón tSeirbhís Phoiblí de dheasca easláinte*
  Sa chás go n-éireoidh le hiarratas an iarratasóra sa chomórtas, ba chóir dó a bheith ar an eolas faoin méid seo a leanas:

  1. Sa chás go measfar an t-iarratasóir a bheith folláin chun seirbhís rialta agus éifeachtach a thabhairt agus go sannfar do phost é, beidh deireadh lena phinsean de dheasca easláinte ón státseirbhís.
  2. Sa chás go dtarlódh ina dhiaidh sin go dteipeann ar an iarratasóir an tréimhse phromhaidh a chomhlíonadh nó go socraíonn an t-iarratasóir éirí as an bpost, ní féidir filleadh ar an stádas maidir le dul ar scor ón Státseirbhís de bharr drochshláinte ná an pinsean drochshláinte státseirbhíse a chur ar bun in athuair faoi mar a bhí sular chuir an t-iarratasóir an t-iarratas isteach agus níltear ina theideal sin.
  3. Déanfar ball de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (SPASP) den iarratasóir ar a c(h)eapadh i bpost sa chás gur faide ná 26 seachtaine an briseadh sa tseirbhís inphinsin státseirbhíse/seirbhíse poiblí.

  *Ceapachán i ndiaidh scor ón tSeirbhís Phoiblí de dheasca easláinte*
  1. Sa chás gur éirigh duine as comhlacht seirbhíse poiblí, d'fhéadfadh a pinsean/a phinsean drochshláinte ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir athbhreithnithe de réir na rialacha a bhaineann le scor de dheasca drochshláinte faoin scéim sin.
  2. Sa chás go n-éiríonn le hiarratasóir, beidh dlite ar an iarratasóir tráth an cheapacháin a dhearbhú cibé an bhfuil pinsean (drochshláinte nó eile) seirbhíse poiblí á fháil aige/aici agus d'fhéadfadh an pinsean seirbhíse poiblí a bheith faoi réir a laghdaithe.
  3. Déanfar ball de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (SPASP) den iarratasóir ar a c(h)eapadh i bpost sa chás gur faide ná 26 seachtaine an briseadh sa tseirbhís inphinsin státseirbhíse/seirbhíse poiblí.

Tabhair do d'aire go bhfuil fáil ar fhaisnéis níos mionsonraithe faoi na himpleachtaí dá bpinsean do dhaoine a bhfuil pinsean de dheasca easláinte á fháil acu ón státseirbhís nó ón tseirbhís phoiblí ag an nasc seo nó ar í a iarraidh ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

**Fabhrú Pinsin**
Beidh teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh maidir le pinsean sa chás go raibh ballraíocht ag duine i líon is mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí i bhfeidhm roimh ré (i.e. scéim pinsin seachas an Scéim Aonair) i gcomhréir le hAcht na bliana 2012. Déantar foráil don teorainn 40 bliain seo faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí, (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. D'fhéadfadh nithe a bheith le tabhairt san áireamh ina leith sin maidir le duine ar bith a bheadh le ceapadh ag a bhfuil cearta pinsin fabhraithe mar gheall ar fhostaíocht roimhe seo sa tSeirbhís Phoiblí.

**Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais**
Tagann an Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais (RBA) i gceist leis an gceapachán seo i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017.

**Tabhair ar aird:** Tá aisbhaintí RBA sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) atá de dhíth faoi rialacha do scéime pinsin.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil i ndáil leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, féach ar an láithreán gréasáin seo a leanas - www.singlepensionscheme.gov.ie